An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 19 Nollaig 2024
(OR. en)

EUCO 50/24

CO EUR 44
CONCL 6

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (19 Nollaig 2024)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Rinne comhaltaí na Comhairle Eorpaí comóradh ar an gcéad chruinniú den Chomhairle Eorpach a tionóladh 50 bliain ó shin.*

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine.*

*Cuireadh móiminteam nua faoin gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 18 Nollaig 2024.*

## I. AN ÚCRÁIN

1. Inniu, breis agus 1000 lá ó thús mhór-ionradh na Rúise, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Athdhearbhaíonn sí freisin go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint de thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad agus a mhéad is gá. Ní ligfimid don Rúis an svae a bhreith léi.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí Phlean Síochána na hÚcráine, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an prionsabal nach féidir tabhairt faoi aon tionscnamh a bhaineann leis an Úcráin gan an Úcráin í féin a bheith páirteach ann. Chuige sin, leanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá ndianiarrachtaí for-rochtana domhanda agus beidh siad páirteach in aon phlé a mbeadh baint aige le slándáil na hEorpa.

3. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an obair atá déanta chun tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. Chun cabhrú leis an Úcráin í féin a chosaint ar bhealach éifeachtach ar fhogha na Rúise, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús práinneach leis na hiarrachtaí ar fad, go háirithe maidir le córais aerchosanta, armlón agus diúracáin a sheachadadh, agus freisin maidir leis an oiliúint agus an trealamh is gá a chur ar fáil do bhriogáidí na hÚcráine. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an obair chun tacaíocht bhreise a thabhairt do thionscal cosanta na hÚcráine agus é a fhorbairt a thuilleadh agus chun a chomhar le tionscal cosanta an Aontais a dhoimhniú. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé comhpháirteanna uile an tionscnaimh ó G7 dar teideal 'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin' (ERA) a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhpháirt na riachtanas míleata, agus iarrann sí go ndéanfaí cinntí a glacadh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a oibríochtú a luaithe is féidir. Iarrann sí freisin ar an gComhairle dlús a chur leis an obair chun Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin a neartú.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil an tSaoráid don Úcráin á cur chun feidhme, agus á cur chun feidhme go diongbháilte. EUR 16.2 billiún a bheidh sna híocaíochtaí iomlána leis an Úcráin faoin tSaoráid in 2024. Meastar gur EUR 12.5 billiún a bheidh sna heisíocaíochtaí ón tSaoráid in 2025. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil tionscnamh ERA an G7 á chur chun feidhme go pras, tionscnamh ar fiú EUR 45 bhilliún (USD 50 billiún) é, chun tacú leis na riachtanais mhíleata, bhuiséadacha agus atógála atá ag an Úcráin anois agus a bheidh aici amach anseo. Faoin tionscnamh sin, tá sé beartaithe ag an Aontas Eorpach tús a chur le heisíocaíochtaí i mí Eanáir, sa chaoi is go n-eisíocfar EUR 18.1 billiún san iomlán in 2025. Leanfar d'aghaidh a thabhairt ar na gnéithe ábhartha uile, idir ghnéithe dlíthiúla agus airgeadais.

5. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuirfear an tacaíocht mhíleata uile ar fáil agus lánurraim á tabhairt do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus go gcuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

6. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar feachtas na Rúise i gcoinne bhonneagar fuinnimh agus bhonneagar sibhialtach eile na hÚcráine, feachtas d'aon ghnó ar déine anois é agus lena bhféachtar leis an ngeimhreadh a úsáid mar uirlis troda. Iarrann sí go méadófaí an tacaíocht ábharthach agus go gcuirfí dlús lena seachadadh chun cabhrú leis an Úcráin a bonneagar leictreachais a choinneáil ag feidhmiú. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle Eorpach na Ballstáit, go háirithe iad siúd ar tíortha comharsanacha leis an Úcráin iad, as a n-onnmhairí leictreachais chuig an Úcráin agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá leanúint de na honnmhairí sin a mhéadú. Iarrann sí freisin go ndéanfaí córais fuinnimh na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive a chomhtháthú a thuilleadh le gréasán fuinnimh an Aontais agus é sin mar ábhar tosaíochta.

7. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise cogadh a shrianadh a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an 15ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise, lena n-áirítear bearta i gcoinne an ruda ar a dtugtar 'an scáthchabhlach'. Iarrann sí an athuair freisin go bhforfheidhmeofaí na smachtbhannaí go hiomlán agus ar bhealach éifeachtach agus go mbeadh acmhainní agus bearta breise ann chun nach mbeifí in ann dul timpeall orthu, lena n-áirítear trí thríú tíortha. Tá an tAontas Eorpach faoi réir i gcónaí chun tuilleadh brú a chur ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh. Faoi réir dhlí an Aontais, ba cheart sócmhainní na Rúise a bheith blocáilte go dtí go gcuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach ar an Úcráin agus go gcúiteoidh sí í as an damáiste atá déanta leis an gcogadh sin.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an tacaíocht ó thríú tíortha, agus ó ghníomhaithe agus eintitis sna tíortha sin, lena gcuirtear ar chumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin. Géarú idirnáisiúnta ar an gcogadh is ea an t-aistriú arm agus an doimhniú ar an gcomhar míleata idir an Rúis agus DPDC agus an Iaráin, mar aon le himscaradh fhórsaí míleata DPDC chun na Rúise agus a n-úsáid ar láthair an chatha i gcoinne na hÚcráine, agus tá iarmhairtí tromchúiseacha ag an méid sin don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na tíortha uile deireadh a chur láithreach le haon chúnamh díreach nó indíreach do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

9. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, beidh tábhacht ag baint leis an gComhdháil ar Théarnamh na hÚcráine, atá le hóstáil ag an Iodáil i mí Iúil 2025. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Úcráin agus tacóidh sé lena hiarrachtaí athchóiriúcháin agus í ar a conair Eorpach.

## II. <u>AN MEÁNOIRTHEAR</u>

10. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid sa Mheánoirthear agus a bhfuil tarlaithe ann le déanaí. Meabhraítear di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis an Meánoirthear.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an sos comhraic a comhaontaíodh an 27 Samhain 2024 idir Iosrael agus an Liobáin, a d'eascair as na hiarrachtaí idirghabhála a rinne an Fhrainc agus na Stáit Aontaithe go háirithe. Tathantaíonn sí ar na páirtithe an sos comhraic a chur chun feidhme mar a comhaontaíodh é, agus iarrann sí go gcuirfí Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme go hiomlán agus ar bhealach siméadrach. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach sa chomhthéacs sin ról bunúsach cobhsúcháin fhórsa eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i ndeisceart na Liobáine. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do cheannasacht agus d’iomláine chríochach Stát na Liobáine agus dá iarrachtaí forbartha stáit, lena n-áirítear trí chabhair a thabhairt chun Fórsaí Armtha na Liobáine a neartú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar cheannairí polaitiúla na Liobáine an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an tsáinn pholaitiúil agus eacnamaíoch a shárú, lena n-áirítear uachtarán a thoghadh go tapa.

12. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di iarmhairtí na reachtaíochta a ghlac Iosrael an 28 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cumas UNRWA an sainordú atá aige a fheidhmiú. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an ról bunriachtanach atá ag UNRWA, agus tacaíocht ríthábhachtach á tabhairt aige don phobal sibhialta in Gaza agus sa réigiún máguaird. Tá sé ríthábhachtach go leanfaí de Phlean Gníomhaíochta UNRWA a chur chun feidhme.

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go bhfógrófaí sos cogaidh láithreach in Gaza, go scaoilfí saor gan choinníoll gach giall, go gcuirfí feabhas práinneach ar rochtain agus dáileadh na cabhrach daonnúla ar an mórchóir ar fud Gaza, agus go gcuirfí deireadh marthanach leis an gcogaíocht, i gcomhréir le Rún 2735 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá an tAontas Eorpach don dlí idirnáisiúnta agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach arna bunú ar an réiteach dhá stát i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ina mairfidh dhá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh faoi shíocháin laistigh de theorainneacha slána aitheanta. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le gach iarracht a dhéanamh chun an réiteach sin a bhaint amach agus iarrann sé ar na páirtithe uile staonadh ó ghníomhaíochtaí a chuireann an réiteach sin i mbaol. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d’Údarás na Palaistíne chun cabhrú leis aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní atá aige, acmhainneachtaí institiúideacha a fhorbairt, agus a chlár oibre don athchóiriú a chur chun feidhme.

15. Tar éis thitim réimeas coiriúil Assad sa tSiria, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a stairiúla atá an deis anois chun an tír a athaontú agus a atógáil agus ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh próiseas polaitiúil cuimsitheach ann, faoi stiúir na Siria, agus mianta dlisteanacha mhuintir na Siria á gcomhlíonadh aige, i gcomhréir le croíphrionsabail Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an tAontas Eorpach leis an obair atá ar bun ag Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe don tSiria. Ba cheart neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria laistigh de theorainneacha slána a urramú go hiomlán, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur gá cearta an duine a urramú, lena n-áirítear cearta na mban, rialachas neamhsheicteach agus cosaint do bhaill de mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha a áirithiú, agus oidhreacht chultúrtha na Siria a chaomhnú. Iarrann sí ar na páirtithe uile an aontacht náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go gcosnófaí sibhialtaigh, go gcuirfí seirbhísí poiblí ar fáil agus go gcruthófaí dálaí le haghaidh aistriú polaitiúil a bheidh cuimsitheach agus síochánta agus le go mbeidh dídeanaithe ón tSiria in ann filleadh ar bhealach sábháilte deonach díniteach, ar dálaí iad sin atá sainithe ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an sceimhlitheoireacht a chomhrac, cosc a chur ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta teacht chun cinn arís, agus na stoc-chairn arm ceimiceach atá fágtha sa tSiria a scriosadh. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí roghanna a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le bearta chun tacú leis an tSiria.

## III. AN tAONTAS SA DOMHAN MÓR

16. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le rannpháirtíocht dhomhanda agus tosaíochtaí an Aontais sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair.

## IV. ATHLÉIMNEACHT, ULLMHACHT AGUS COSC AGUS FREAGAIRT GÉARCHÉIMEANNA

17. Tar éis do Sauli Niinistö an tuarascáil dar teideal *Safer together: strengthening Europe's civil and military preparedness and readiness* [Níos sábháilte le chéile: ullmhacht agus oirchilleacht shibhialta agus mhíleata na hEorpa a neartú] a chur faoina bráid, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí agus a phráinní atá sé athléimneacht, ullmhacht, agus acmhainneachtaí coiscthe agus freagartha géarchéimeanna a neartú sa chomhthéacs bagrach atá ag teacht chun cinn agus i bhfianaise líon méadaitheach na dtubaistí nádúrtha arb iad is cúis leis an athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil. Agus an Clár Oibre Straitéiseach agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2023 agus ó mhí an Mhárta 2024 mar bhunsraith aici, measann an Chomhairle Eorpach gur gá feabhsú agus comhordú a dhéanamh i dtaca le hullmhacht mhíleata agus shibhialta agus le bainistiú straitéiseach géarchéimeanna, trí chur chuige uile-ghuaise uile-shochaí. Ba cheart é sin a dhéanamh i sineirge le ECAT i gcás inarb ábhartha, ar bhealach cuimsitheach neamh-idirdhealaitheach, gan dochar do chineál sonrach beartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe, agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh. Beidh an meon nua ullmhachta sin riachtanach chun athléimneacht an Aontais a threisiú, a luachanna a chosaint, a rath eacnamaíoch agus a iomaíochas a chaomhnú, agus chun dul in oiriúint don athrú aeráide.

18. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh oibre chun feabhas a chur ar athléimneacht, ullmhacht, agus acmhainneachtaí coiscthe agus freagartha géarchéimeanna an Aontais agus a Bhallstát ar bhealach comhleanúnach, lena n-áirítear d'fhonn straitéis ullmhachta a leagan síos amach anseo. Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle leanúint den obair ar na sraitheanna éagsúla oibre agus ar na gníomhaíochtaí éagsúla ar leibhéal an Aontais chun tacú leis na Ballstáit, agus sainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla géarchéimeanna á gcur san áireamh agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú.

## V. AN IMIRCE

19. Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir leis an imirce. Thug sí dá haire an litir a tháinig ó Uachtarán an Choimisiúin le déanaí, agus aird ar leith á tabhairt aici ar an obair thábhachtach leanúnach atá á déanamh ar an méid a leanas: an ghné sheachtrach; cur chun feidhme na reachtaíochta atá glactha ag an Aontas agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana; cosc agus comhrac na himirce neamhrialta, lena n-áirítear trí bhealaí nua i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta; iarrachtaí práinneacha chun fillteacha a éascú, a mhéadú agus dlús a chur leo; tíortha sábháilte tionscnaimh; comhrac an ionstraimithe, na gáinneála ar dhaoine agus na smuigleála imirceach; chomh maith le conairí sábháilte dlíthiúla i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún togra reachtach maidir le filleadh a leagan síos ag tús 2025, iarrann sí ar na comhreachtóirí dul chun cinn a dhéanamh mar ábhar tosaíochta ar na comhaid a bhfuil gné imirce ag baint leo, agus tugann sí dá haire an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus maidir leis an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

## VI. MÍREANNA EILE

***Méadú agus athchóirithe***

20. Agus na conclúidí uaithi roimhe seo agus Dearbhú Granada an 6 Deireadh Fómhair 2023 á meabhrú di, agus i gcomhréir lena Clár Oibre Straitéiseach, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá méadú an Aontais i gcónaí mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas. Chun cur leis an bhfuinneamh nua i bpróiseas an mhéadaithe, agus i gcomhréir leis an gcur chuige bunaithe ar fhiúntas, tá sé de fhreagracht ar an Aontas agus ar na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit araon an leas is fearr is féidir a bhaint as an deis sin.

21. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí maidir le méadú a ghlac an Chomhairle an 17 Nollaig 2024.

***Poblacht na Moldóive***

22. Molann an Chomhairle Eorpach údaráis Phoblacht na Moldóive as an gcaoi a reáchtáladh na dtoghchán uachtaránachta agus an reifrinn maidir leis an aontachas leis an Aontas a chumhdach sa Bhunreacht, in ainneoin ghníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise chun an bonn a bhaint ó institiúidí daonlathacha na tíre. Is díol sásaimh di tiomantas shaoránaigh Phoblacht na Moldóive dá lánpháirtiú Eorpach.

23. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Poblacht na Moldóive chun athléimneacht agus cobhsaíocht na tíre a fheabhsú agus chun tacú lena hiarrachtaí athchóiriúcháin ar a conair Eorpach, lena n-áirítear tríd an bPlean Fáis do Phoblacht na Moldóive a chur chun feidhme agus tríd an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis a ghlacadh go pras.

24. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint, mar ábhar práinne, ar bhealaí breise le cúnamh a chur ar fáil do Phoblacht na Moldóive chun a slándáil fuinnimh a neartú.

***An tSeoirsia***

25. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2024, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur cúis mhór imní di na bearta a rinne rialtas na Seoirsia, a thagann salach ar na luachanna agus na prionsabail a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe orthu. Is oth léi gur chinn rialtas na Seoirsia próiseas aontachais na tíre leis an Aontas a chur ar fionraí go dtí 2028.

26. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an foréigean atá á úsáid i gcoinne agóideoirí síochánta, polaiteoirí agus ionadaithe na meán. Ní mór d'údaráis na Seoirsia an ceart chun saoirse comhthionóil agus an ceart chun tuairimí a nochtadh a urramú, agus staonadh ó fhorneart a úsáid. Ní mór gach gníomh foréigin a imscrúdú agus na daoine atá freagrach a thabhairt chun cuntais.

27. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil an tAontas faoi réir le tacú le muintir na Seoirsia sna mianta atá acu i leith na hEorpa agus, má athraíonn údaráis na Seoirsia an plean gníomhaíochta atá acu faoi láthair, le gluaiseacht na tíre i dtreo an aontachais.

***Gníomhaíochtaí hibrideacha***

28. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir feachtas hibrideach na Rúise i gcoinne an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, lena n-áirítear sabaitéireacht, suaitheadh ar an mbonneagar criticiúil, cibirionsaithe, ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis, agus a hiarrachtaí chun an bonn a bhaint ón daonlathas, lena n-áirítear an próiseas toghcháin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di gur glacadh na chéad liostaí faoin gcreat le haghaidh bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá n-athléimneacht a neartú agus bainfidh siad leas iomlán as gach dá bhfuil ar fáil dóibh chun gníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt.

***An tsaoirse, an tslándáil agus an ceartas***

29. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Cinneadh ón gComhairle deireadh a chur leis na seiceálacha ar dhaoine ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir an Bhulgáir agus an Rómáin ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

30. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais, a ghlac an Chomhairle an 12 Nollaig 2024.

***Veiniséala***

31. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur cúis imní di an staid i Veiniséala. Iarrann sí go scaoilfí saor na príosúnaigh pholaitiúla uile agus go gcomhlíonfadh Veiniséala a chuid gealltanas faoin dlí idirnáisiúnta. Bainfidh an tAontas Eorpach leas as na huirlisí uile atá ar fáil dó chun tacú leis an daonlathas agus le haistriú síochánta cuimsitheach i Veiniséala.

*

*   *

*Déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí le muintir Mayotte agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leo tar éis na heachtra adhaimsire millteanaí a tharla ansin.*